Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11576/26**

**VETER 113**
**AGRI 575**
**AGRILEG 183**
**SAN 575**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 352 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>ar an meastóireacht ar Rialachán (AE) 2016/429 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 352 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 352 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 6.7.2026
COM(2026) 352 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**ar an meastóireacht ar Rialachán (AE) 2016/429 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe')**

{SWD(2026) 179 final}

**RÉAMHRÁ**

Faoi Airteagal 282 den Rialachán (AE) 2016/429 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe ('An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe')[1] ní mór don Choimisiún Eorpach ('an Coimisiún') meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán sin agus ar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 264 den Rialachán sin agus torthaí na meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i dtuarascáil. Leis an doiciméad seo tá sé beartaithe an oibleagáid dhlíthiúil sin a chomhlíonadh agus go bhfeidhmeoidh sé mar thuarascáil.

Dá réir sin, sa tuarascáil seo baintear leas as na conclúidí agus as na ceachtanna a foghlaimíodh agus a fuarthas le linn an phróisis meastóireachta. Tá sé ina fhorbairt ar na torthaí a cuireadh i láthair sa Doiciméad Inmheánach Oibre maidir leis an meastóireacht ar an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe agus leagtar amach ann tuilleadh réimsí sonracha a bhfuil aird ar leith le tabhairt orthu agus gníomhaíochtaí áirithe a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit amach anseo.

**2. CÚLRA, FOINSÍ AGUS COMHTHÉACS BEARTAIS**

Ní chloíonn galair in-tarchurtha ainmhithe le teorainneacha, agus fiú mura ndéanann siad difear ach d'ainmhithe den chuid is mó agus cé gurb é caillteanais eacnamaíocha an toradh orthu den chuid is mó, d'fhéadfadh roinnt acu difear a dhéanamh do dhaoine freisin. Le blianta fada anuas tá rialacha comhchuibhithe gona mbearta chun galair ainmhithe den sórt sin a rialú á rialáil san Aontas, e.g. glacadh cuid de na chéad ghníomhartha maidir le sláinte ainmhithe chomh fada siar le 1964. Le tabhairt isteach an Mhargaidh Aonair, leathnaíodh agus treisíodh na rialacha sin a thuilleadh sna 90idí den chéad seo caite.

Glacadh an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe in 2016, tháinig sé i bhfeidhm an 21 Aibreán 2016 agus tá feidhm aige ón 21 Aibreán 2021 i leith. Tá sé d'aidhm aige foráil a dhéanamh maidir le creat rialála níos simplí agus níos solúbtha, lena n-áirithítear cur chuige rioscabhunaithe chun ceanglais sláinte ainmhithe a leagan amach, ullmhacht fheabhsaithe i leith galar, cosc agus rialú galar i gcás galair in-tarchurtha ainmhithe liostaithe.

Anuas air sin, laghdaítear leis an t-ualach riaracháin ar fheirmeoirí, oibreoirí eile agus údaráis inniúla gan stádas sláinte ainmhithe san Aontas a chur i mbaol. Thairis sin, cuirtear uirlisí níos oiriúnaí ar fáil leis chun déileáil le géarchéimeanna sláintíochta (e.g. galair atá ag teacht chun cinn) nó chun aghaidh a thabhairt ar imthosca sonracha agus rannchuidítear chun go laghdaítear caillteanais eacnamaíocha de dheasca ráigeanna galair.

Glacadh an creat rialála sin mar thoradh ar Straitéis an Aontais maidir le Sláinte Ainmhithe: 'Is fearr cosc ná leigheas'[2] a lean meastóireacht chuimsitheach ar Bheartas Sláinte Ainmhithe an Aontais 1995-2004 agus roghanna malartacha don todhchaí[3].

Tháinig an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe in ionad 39 ngníomh dlí ar leithligh agus tugadh isteach leis creat aonair comhchuibhithe rioscabhunaithe le haghaidh sláinte ainmhithe ar fud

1 Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe), IO L 084, 31.3.2016, lch. 1.

2 Straitéis an Aontais maidir le Sláinte Ainmhithe 2007-2013 - Sábháilteacht - An Coimisiún Eorpach.

3 Tuarascáil Deiridh na meastóireachta ar Bheartas Sláinte Ainmhithe an Chomhphobail-Cuid I final.doc..

an Aontais Eorpaigh. Leis an athchóiriú, tugadh isteach córas nuachóirithe de bhearta rioscabhunaithe (e.g. catagóiriú galar), leithdháileadh níos soiléire freagrachtaí i measc na n-údarás inniúil agus na n-oibreoirí, lenar feabhsaíodh cosc galar, go háirithe leis an mbithshlándáil neartaithe, ullmhacht threisithe, lenar cumasaíodh vacsaíniú agus lenar uasghrádaíodh ceanglais pleanála teagmhais. Is iad sin na príomhuirlisí le haghaidh rialú galar agus úsáid struchtúrtha an réigiúnaithe chun leanúnachas trádála a áirithiú.

A bhuí leis an ailtireacht sin cumasaítear an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe ionas gur féidir an prionsabal 'is fearr cosc ná leigheas' a chur chun feidhme, mar a leagtar amach i Straitéis 2007 an Aontais maidir le Sláinte Ainmhithe[4]. Is aistriú é ó bhainistiú frithghníomhach géarchéime go cur chuige réamhghníomhach rioscabhunaithe lena n-ionchorpraítear bearta faireachais, ullmhachta, coisc, luathbhraite, mearfhreagartha agus téarnaimh laistigh de chreat reachtach aontaithe.

Chomh maith leis sin, cuireann an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe le cuspóirí beartais níos leithne de chuid an Aontais. Tacaíonn sé le cur chuige na hAon Sláinte Amháin trí aghaidh a thabhairt ar an nasc idir sláinte ainmhithe, sláinte phoiblí agus an comhshaol. Tá sé ag teacht le cuspóirí níos leithne an Aontais trí chórais agraibhia inbhuanaithe athléimneacha a chur chun cinn. Ina theannta sin, cuireann sé iomaíochas inbhuanaithe na hearnála agraibhia chun cinn agus neartaíonn sé an athléimneacht i leith géarchéimeanna laistigh den mhargadh inmheánach trí chaighdeáin chomhchuibhithe agus freagairtí comhordaithe ar ghalair thrasteorann ainmhithe a áirithiú.

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar Rialachán (AE) 2016/429 i gcomhréir le Prionsabail an Aontais maidir le Rialáil Níos Fearr agus chuir sé na torthaí i láthair sa Doiciméad Inmheánach Oibre maidir leis an meastóireacht ar an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe agus sa staidéar tacaíochta a ghabhann leis[5]. Déantar measúnú sa mheastóireacht ar a mhéid atá cuspóirí an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe bainte amach leis an dlí sin ó tháinig sé i bhfeidhm an 21 Aibreán 2016, agus go sonrach tar éis dó teacht chun bheith infheidhme an 21 Aibreán 2021. Cumhdaíodh sa staidéar an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2023, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre tá roinnt taithí níos déanaí, lena n-áirítear taithí suas go dtí tús 2026. Sa dá dhoiciméad baintear leas as fianaise fhorleathan, lena n-áirítear sonraí faireacháin agus ionchur ó pháirtithe leasmhara a bailíodh trí chomhairliúcháin iomadúla a rinneadh mar chuid den staidéar agus taobh amuigh de sin, go háirithe fóram na bPríomhoifigeach Tréidliachta, Coistí Comhairleacha um Shláinte Ainmhithe, agus grúpaí saineolaithe eile. Braitheann an mheastóireacht freisin ar thuarascálacha agus fógraí cur chun feidhme ó na Ballstáit, iniúchtaí ón gCoimisiún, sonraí ón gCóras Faisnéise Galar Ainmhithe (ADIS), tuairimí eolaíocha ó Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), agus torthaí ó Fhoireann Éigeandála Tréidliachta an Aontais (EUVET).

Ar an iomlán, léiríonn na torthaí gur baineadh príomhchuspóirí an dlí amach den chuid is mó leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, cé go bhfuil leibhéal áirithe éagsúlachta ann. Measann na príomhpháirtithe leasmhara uile go gcruthaítear leis an rialachán bunús láidir le haghaidh beartas comhchuibhithe sláinte ainmhithe san Aontas.

---

4 https://food.ec.europa.eu/document/download/7820a76d-d19d-4a35-b223-caae0f7143da_ga?filename=ah_policy_strategy_2007-13_ga.pdf.

5 https://data.europa.eu/doi/10.2875/0446681

## 3. ACHOIMRE AR NA PRÍOMHTHORTHAÍ, TEORAINNEACHA

Bhí roinnt dúshláin cur chun feidhme roimh na páirtithe leasmhara agus na Ballstáit le linn na tréimhse meastóireachta. Cé go mbunaítear creat comhchuibhithe leis an Dlí maidir le Sláinte ainmhithe, níl sé curtha chun feidhme go haonfhoirmeach ar fud an Aontais. Mar a thuairiscítear sa Doiciméad Inmheánach, tugtar le fios leis an gcomhairliúchán a rinneadh sa staidéar tacaíochta go bhfuil difear déanta ag difríochtaí san acmhainneacht riaracháin, struchtúir rialachais agus na hacmhainní do luas agus méid an ailínithe náisiúnta, agus go bhfuil na coigeartuithe is gá fós le tabhairt chun críche ag roinnt Ballstát. Maidir le castacht an chreata dhlíthiúil, lena n-áirítear a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, tá sé curtha i dtábhacht go bhfuil sí dúshlánach, go háirithe d'oibreoirí beaga. Imríonn na difríochtaí i gcleachtais léirmhínithe agus forfheidhmithe tionchar ar an dearcadh atá ag páirtithe leasmhara ar chóir chomhionann. Ní mór na torthaí sin a léirmhíniú i bhfianaise teorainneacha tábhachtacha. Tá an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe infheidhme ó bhí Aibreáin 2021 ann, rud a fhágann tréimhse ama réasúnta gearr chun measúnú a dhéanamh ar thionchair struchtúracha agus fhadtéarmacha. Rinneadh dul chun cinn ar ailíniú náisiúnta ar luasanna éagsúla, agus i roinnt cásanna lean na rialacha a bhí ann cheana d'fheidhm a bheith acu in éineacht le ceanglais an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, rud a d'fhág go raibh sé deacair bunús a lua le tionchair.

Tharla an tréimhse mheastóireachta i gcomhthráth freisin le paindéim COVID-19, suaitheadh geopholaitiúil, costais mhéadaithe agus ráigeanna galar nach beag, lena n-áirítear an fliú éanúil ardphataigineach agus fiabhras Afracach na muc. Fágann na tosca sin go bhfuil sé deacair bunús a lua le tionchair agus cuireann siad teorainn le teacht ar chonclúidí cinntitheacha. Mar sin féin, sa mheastóireacht tugtar léargais luatha tháscacha, cé go mbeidh am agus sonraí breise ag teastáil chun measúnú níos láidre a dhéanamh.

### 3.1 ÉIFEACHTACHT

Aithnítear go forleathan gur céim chun cinn nach beag é an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe chun cur chuige an Aontais maidir le sláinte ainmhithe a chomhchuibhiú, agus é á athrú ó chóras frithghníomhach go córas coisctheach. Ní mór éifeachtacht reatha an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe a mheasúnú i bhfianaise a chur chun feidhme leanúnaigh. I gcás fhormhór na mBallstát, níl ailíniú a reachtaíochta náisiúnta leis an Rialachán curtha i gcrích go fóill, agus tá dul chun cinn nach beag déanta ag cuid acu. Mar shampla, léiríonn an anailís a rinne an Coimisiún ar thrasuí pionós na mBallstát de réir an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe nár thuairiscigh ach 10 mBallstát faoi mhí an Mheithimh 2023 gur ghlac siad rialacha, nó go raibh siad ag obair ar rialacha, lena n-áirítear pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe. Is é is cúis leis na moilleanna castacht na gcóras dlí náisiúnta agus na struchtúr riaracháin náisiúnta. Ina theannta sin, tógfaidh sé am ar na gníomhaithe uile oiriúnú mar is ceart don chur chuige nua a tugadh isteach leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe agus, dá bhrí sin, déanann sé difear do dhearcadh na bpáirtithe leasmhara ar a éifeachtacht. Is é sin is cúis freisin leis an aistriú forásach.

Leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe tá córas struchtúrtha bunaithe ar an eolaíocht tugtha isteach chun galair a chatagóiriú. Liostaítear galair in-tarchurtha ainmhithe faoi chúig chatagóir (A go E) bunaithe ar a bpróifíl eipidéimeolaíoch, a dtionchar agus an cineál beart atá le cur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt orthu. Leis an gcatagóiriú sin, cumasaítear freagairtí comhréireacha agus beartú tosaíochta acmhainní, rud a fhágann gur féidir leis na Ballstát a straitéisí faireachais agus rialaithe a chur in oiriúint do chomhthéacsanna náisiúnta. Tacaítear go forleathan leis an gcur chuige sin ach tá imní fós ann maidir le freagrúlacht an chórais do

bhagairtí atá ag teacht chun cinn agus maidir leis an ngá atá le nuashonruithe níos minice, go háirithe i bhfianaise athruithe i ndinimic galar arb í an aeráid is cúis leo.

Leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe cuirtear i dtábhacht cosc trí bhithshlándáil fheabhsaithe. Leis an rialachán bunaítear freagrachtaí soiléire d'oibreoirí agus d'údaráis inniúla, lena gceanglaítear bearta bithshlándála a chur chun feidhme ar leibhéal na feirme agus ar fud an tslabhra táirgeachta. Cé go bhfuil feabhas curtha ar fheasacht agus ar mhaolú riosca leis sin, tá an cur chun feidhme fós míchothrom idir oibríochtaí éagsúla (e.g. oibríochtaí ar mórscála *vs.* oibríochtaí ar mionscála). Mar gheall ar an easpa treoraíocht agus oiliúint chomhchuibhithe, tá glacadh na bhfreagrachtaí sin i roinnt Ballstát níos casta fós.

Príomhghné eile is ea treisiú róil na bpáirtithe leasmhara agus freagrachtaí comhroinnte. Soiléirítear sa rialachán dualgais na bhfeirmeoirí, na dtréidlianna, na n-údarás inniúil, agus na ngníomhaithe eile sa slabhra sláinte ainmhithe. Leis sin, tá feabhas curtha ar an gcomhordú agus ar an gcuntasacht, go háirithe maidir le fógra a thabhairt i leith galar, faireachas agus freagairt ar ráigeanna. Mar sin féin, cuirtear i dtábhacht sa staidéar meastóireachta[6] an gá atá le feasacht níos leithne maidir le freagrachtaí gach gníomhaí agus le fothú acmhainneachta, go háirithe i measc oibreoirí beaga agus páirtithe leasmhara nach údaráis iad. D'ainneoin tionscnaimh oiliúna ar leibhéal an Aontais mar chuid den chlár 'Oiliúint níos fearr le haghaidh bia níos sábháilte', tá an scaipeadh ar an leibhéal náisiúnta fós teoranta, agus tuairiscíonn go leor páirtithe leasmhara go bhfuil deacrachtaí acu dul i ngleic leis an gcreat dlíthiúil agus a n-oibleagáidí a thuiscint. I ndáil leis an méid sin, is féidir pleanáil theagmhasach agus cleachtaí ionsamhlúcháin tionchar a imirt freisin ar rannpháirtíocht oibreoirí agus mhéadú feasachta.

Mar thoradh ar mhoilleanna ar ailíniú na reachtaíochta náisiúnta, tá difríochtaí ann maidir le cur i bhfeidhm forálacha nua áirithe, amhail forálacha maidir le cuairteanna rioscabhunaithe sláinte ainmhithe. Is uirlis thábhachtach iad na cuairteanna sin chun galair a chosc agus a bhrath go luath. Cé gur chomhtháthaigh roinnt Ballstát na cuairteanna sin i gcláir atá ann cheana, is deacair fós measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuirtear an fhoráil sin chun feidhme mar gheall ar easpa sonraí. Ina theannta sin, déantar dochar don chur chun feidhme iomlán mar gheall ar easpa sásraí forfheidhmiúcháin agus ganntanas pearsanra tréidliachta, go háirithe i gceantair thuaithe agus iargúlta.

Leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, neartaítear cumas an Aontais galair a rialú agus a dhíothú trí chláir dhíothaithe struchtúrtha agus trí limistéir saor ó ghalair a aithint[7], limistéir atá fíor-riachtanach chun trádáil shábháilte a choinneáil ar bun agus chun ualach na ngalar eindéimeach a laghdú. Mar sin féin, tá teorainn lena n-acmhainneacht iomlán de dheasca cur chun feidhme náisiúnta neamhchothrom. Tá sé tábhachtach gur seachnaíodh mórshuaitheadh ar shreafaí trádála le linn ráigeanna le húsáid an réigiúnaithe. D'fhág an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe gurbh fhéidir leis na Ballstáit srianta spriocdhírithe a chur i bhfeidhm in áit toirmeasc iomlán, rud a chumasaigh gluaiseacht shábháilte ainmhithe agus táirgí ó chriosanna saor ó ghalair.

Aithníodh sa mheastóireacht, agus ba dhíol sásaimh é ann, an t-athrú ó bhonn a bhaineann leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe lena ndéantar foráil maidir le húsáid níos leithne agus níos solúbtha de vacsaínithe in aghaidh galair ainmhithe. Soiléiríodh sa Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe na coinníollacha faoinar féidir vacsaíniú a úsáid mar bheart coisctheach nó

---

6 Staidéar seachtrach, lch. 84.
7 Staidéar seachtrach, lch. 111.

éigeandála. Cumasaíodh leis sin cur in úsáid vacsaíní ar bhealach níos straitéisí, amhail i gcás Fliú Éanúil Ardphataigineach (FÉAP)[8], cás inar chuidigh feachtais vacsaínithe spriocdhírithe le déine na ráige a laghdú agus le caillteanais eacnamaíocha a theorannú. Chuidigh an beartas nua sin go mór le héifeachtaí diúltacha roinnt galar ainmhithe a theorannú. Is iad seo a leanas na samplaí is minice a luaitear: FÉAP, lena mbaineann vacsaíniú próifiolacsach le déanaí sa Fhrainc ó bhí 2024 ann, an víreas gormtheanga i roinnt Ballstát, galair an chraicinn chnapánaigh san Iodáil, sa Fhrainc agus sa Spáinn in 2025-2026 chomh maith le galair crúb agus béil (GCB) sa tSlóvaic, san Ungáir (2025) agus sa Chipir (2026). Mar sin féin, i roinnt cásanna iarradh tacaíocht níos leithne don vacsaíniú, amhail bainc antaiginí agus vacsaíní AE leathnaithe lasmuigh de ghalair Chatagóir A amháin agus iarradh plean vacsaínithe níos struchtúrtha comhordaithe in aghaidh galair ainmhithe san Aontas.

Meastar gur feabhas é uasghrádú uirlisí digiteacha amhail TRACES le haghaidh inrianaitheachta agus gluaiseachtaí ainmhithe agus ADIS le haghaidh tuairisciú agus fógra a thabhairt, agus aithníodh an t-uasghrádú sin mar chéim chun cinn maidir le nósanna imeachta a shimpliú, cé go bhfuil saincheisteanna teicniúla agus idir-inoibritheachta fós ann[9].

Cé go raibh sé d’aidhm ag cur chun feidhme an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe ceanglais sláinte ainmhithe a chomhchuibhiú agus a shimpliú ar fud an Aontais, tugadh roinnt éifeachtaí neamhbheartaithe faoi deara, go háirithe d’oibreoirí ar mionscála, amhail coimeádaithe ainmhithe ar bhonn áineasa. Go sonrach, i gcásanna áirithe, tá ualaí méadaithe riaracháin agus airgeadais ann mar thoradh ar na ceanglais a tugadh isteach ar an leibhéal náisiúnta, ceanglais a théann thar a shocraítear leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe uaireanta. Anuas air sin, cé nach rialaítear tacaíocht airgeadais leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, tá an easpa sásraí cúitimh leormhaithe tugtha faoi deara ag páirtithe leasmhara mar bhacainn ar chur chun feidhme éifeachtach.

Tá éifeachtacht an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe soiléir i réimsí ina bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis an gcur chun feidhme, go háirithe maidir le catagóiriú galar, faireachas rioscabhunaithe, an bhithshlándáil, agus iarrachtaí díothaithe. Mar sin féin, ar an iomlán tá an cur chun feidhme fós i gcéim idirthréimhseach. Chun go mbainfear amach acmhainneacht an rialacháin go hiomlán, is ríthábhachtach é an tacaíocht leanúnach do na Ballstáit, simpliú na n-ionstraimí dlí, agus rannpháirtíocht níos leithne na bpáirtithe leasmhara. De réir mar a leantar d’ailíniú na gcóras náisiúnta leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, beifear in ann measúnú níos cuimsithí a dhéanamh ar a thionchar fadtéarmach.

## 3.2 ÉIFEACHTÚLACHT

Sa mheastóireacht ar éifeachtúlacht an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, scrúdaítear an comhréireach na costais a thabhaigh na Ballstáit, na páirtithe leasmhara agus an Coimisiún leis na tairbhí a baineadh amach ó cuireadh chun feidhme é. Mar sin féin, is teorainn nach beag é ar an meastóireacht nach bhfuil reachtaíocht náisiúnta na mBallstát ailínithe acu go hiomlán leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe go fóill, agus nach bhfuil leas iomlán bainte acu as an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe. Mar thoradh air sin, tá sé dúshlánach i gcónaí tionchar an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe a scaradh ó thionchar na reachtaíochta náisiúnta nach bhfuil ailínithe go hiomlán. Ina theannta sin, d’fhéadfadh roinnt blianta a bheith ag teastáil sula léireofar éifeachtaí an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe sna

[8] Doiciméad inmheánach oibre, pointe 2.3.3.
[9] Staidéar seachtrach, pointe 4.12. leathanach 69.

hathruithe iarbhír ar stádas sláinte ainmhithe, go háirithe ós rud é go mbíonn tionchar mór ag tosca seachtracha ar an tírdhreach eipidéimeolaíoch.

Ar an iomlán, meastar san fhadtéarma go mbeidh cothromaíocht dhearfach idir costais agus tairbhe ag an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, ach go bhfuil coinníollacha tábhachtacha ag gabháil leis sin. Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, bhí costais agus iarrachtaí riaracháin nach beag ag páirtithe leasmhara éagsúla ag baint leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, agus i gcásanna áirithe bhí na costais tosaigh sin níos airde ná mar a measadh ar dtús. Meastar go mbeidh tairbhí soiléire amach anseo ag baint leis na costais agus na hiarrachtaí sin maidir le cosc agus rialú galar, comhchuibhiú rialála agus éascú trádála. Meastar go dtiocfaidh méadú ar na tairbhí sin le himeacht ama. Leis an mbéim sa Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe a leagtar ar chosc (e.g. bearta bithshlándála agus faireachas), meastar go laghdófar ráigeanna costasacha galar sna blianta amach romhainn, rud a fhágfaidh go mbeidh coigilteas ann a thabharfaidh údar leis an gcaiteachas reatha. Mar sin féin, níl na gnóthachain éifeachtúlachta bainte amach go hiomlán go fóill, ós rud é go bhfuil an t-aistriú rialála fós ar siúl. Sa chéim luath seo den chur chun feidhme, tá tairbhí an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe tagtha chun cinn go míchothrom, agus tá costais áirithe tús-ualaithe.

Bhí costais aonuaire agus leanúnacha nach beag ar roinnt Údarás Inniúil Náisiúnta chun córais náisiúnta a ailíniú leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe. Ar na costais sin bhí na hiarrachtaí chun reachtaíocht náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta nó a chomhdhlúthú, córais TF a uasghrádú (e.g. maidir le fógra a thabhairt i leith galar agus inrianaitheacht galar), baill foirne a earcú nó oiliúint a chur orthu, agus ceanglais nua a chur in iúl do pháirtithe leasmhara. Bhí ar chuid mhaith údarás náisiúnta acmhainní móra a atreorú chun a mbonneagar faireachais agus tuairiscithe a oiriúnú.

Bhí costais chomhlíontachta nua ar oibreoirí freisin. Eascraíonn na costais sin as oibleagáidí amhail faireachas feabhsaithe ar ghalair agus bithshlándáil, taifid a choimeád le haghaidh gluaiseachtaí ainmhithe, agus, i gcásanna áirithe, ceanglais amhail cuairteanna sláinte ainmhithe agus clárú bunaíochtaí nua. Ag brath ar na bearta sonracha, áfach, ní raibh siad go hiomlán nua do na hoibreoirí uile. Mar shampla, bhí roinnt feirmeoirí in earnálacha agus i dtíortha áirithe faoi réir cuairteanna sláinte ainmhithe cheana féin sular cuireadh an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe chun feidhme, mar gheall ar reachtaíocht náisiúnta nó mar gheall ar rannpháirtíocht i scéimeanna deimhniúcháin príobháideacha. Dá bhrí sin, ó oibreoirí, earnálacha agus Ballstát go chéile, ní mar a chéile atá a mhéid atá costais nua tugtha isteach leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe.

De réir an staidéir, ar na tairbhí a thugtar faoi deara nó a bhfuil coinne leo faoin Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, tá rialú galar níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus timpeallacht rialála níos comhleanúnaí. Trí rialachán aonair a chur in ionad 39 ngníomh dlí, dearadh an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe chun rialacha a chuíchóiriú agus chun an ilroinnt dhlíthiúil a laghdú. I bprionsabal, leis an gcomhdhlúthú sin tá níos mó deimhneacht dhlíthiúil tugtha isteach agus ba cheart an tsoiléireacht a fheabhsú leis agus an iarracht riaracháin a shábháil san fhadtéarma. Go deimhin, tuairiscíonn go leor páirtithe leasmhara go bhfuil feabhas curtha ar an gcomhordú idir údaráis agus páirtithe leasmhara a bhuí leis an gcreat aontaithe agus gur éascaigh sé freagairt níos tapúla agus níos aontaithe ar bhagairtí galar trasteorann. I dtaca le bearta an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe (amhail faireachas rioscabhunaithe agus an réigiúnú), tá fianaise ann gur chuidigh na bearta ionraí galar ainmhithe a tharla le déanaí (e.g. fliú éanúil, fiabhras Afracach na muc) a shrianadh ar bhealach níos éifeachtúla, rud a laghdaigh scála an chiondíothaithe, toirmisc thrádála, agus bearta éigeandála costasacha eile. Léiríonn sonraí trádála agus aiseolas

ó pháirtithe leasmhara go bhfuil an margadh inmheánach fós athléimneach. Théarnaigh an trádáil laistigh den Aontas go láidir tar éis 2021, d'ainneoin ráigeanna leanúnacha de ghalair ainmhithe, rud a thugann le fios gur thacaíocht don leanúnachas trádála é creat an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe[10]. Le comhchuibhiú caighdeán agus cineálacha cur chuige ar fud an Aontais, cuidíonn an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe leis an iontaoibh a choinneáil sa trádáil ainmhithe agus táirgí ainmhithe laistigh den Aontas, agus cuireann sé sin cosc ar bhacainní trádála gan údar le linn teagmhais ghalair (criosú/réigiúnú galar a úsáid in áit toirmisc ar fud na tíre). Cé go bhfuil sé níos deacra na tairbhí sin a chainníochtú láithreach, cuireann siad le timpeallacht oibriúcháin níos cobhsaí agus níos intuartha le haghaidh gnólachtaí agus údarás. I ndáil leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, tugann na gnéithe thuas i dteannta a chéile le fios go gcuirtear luach ar fáil, luach lenar cheart na hinfheistíochtaí a rinneadh a chothromú le himeacht ama.

D'ainneoin na mbuntáistí fadtéarmacha a bhaineann leis, maíonn oibreoirí áirithe gur tugadh ualaí riaracháin isteach leis an gcur chun feidhme, go háirithe ag an gcéim thosaigh. Chuir na hoibreoirí sin ábhair imní in iúl maidir le páipéarachas méadaithe, castacht nósanna imeachta nua, amhail clárú bunaíochtaí, coimeád taifead, cuairteanna sláinte ainmhithe, agus ceanglais fhorluiteacha idir ceanglais náisiúnta agus ceanglais an Aontais. Rinneadh difear, go háirithe do spriocghrúpaí áirithe. Go sonrach, thuairiscigh feirmeoirí beaga agus coimeádaithe ainmhithe ar bhonn áineasa gur dochraideach agus díréireach le scála a n-oibríochtaí é, dar leo, comhlíonadh cheanglais an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe (amhail deimhnithe sláinte ainmhithe a fháil le haghaidh gluaiseachtaí ainmhithe, nó comhlíonadh rialacha nua maidir le coimeád taifead agus bithshlándáil). Thug oibreoirí tráchtála is mó dá n-aire freisin go bhfuil roinnt costais chomhlíontachta mhéadaithe ann, ach is iondúil gur fusa iad sin a ionsú i ngnólachtaí is mó.

Ó Bhallstát go Ballstát agus ó ghrúpa oibreoirí go chéile tá éagsúlacht nach beag idir éifeachtúlacht agus taithí costais tairbhe i ndáil leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe. Is iad na Ballstáit a bhainistigh an t-aistriú ar bhealach níos rianúla agus a bhain leas as fiú, na Ballstáit sin ó thús ré an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe ag a raibh bonneagar tréidliachta forbartha, ardchórais TF, agus údaráis riaracháin ar dhea-acmhainní. Mar shampla, tíortha a thug isteach bunachar sonraí ríomhairithe náisiúnta le haghaidh inrianaitheacht ainmhithe roimh an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, rinne siad forbairt ar an gcóras sin agus thuairiscigh siad feabhsuithe ar an acmhainneacht faireachais agus luathbhraite. Is é a chuirtear i dtábhacht leis an sampla sin gur féidir éifeachtúlacht oibríochtúil an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí más rud é go ndearnadh infheistíocht i mbonneagar agus i bhfothú acmhainneachta,. Os a choinne sin, bhí dúshláin níos géire agus costais choibhneasta níos airde roimh na Ballstáit sin ag a bhfuil acmhainní níos teoranta nó córais bheagfhorbartha. Déanann na héagothromaíochtaí sin difear do pháirtithe leasmhara freisin, amhail feirmeoirí; mar shampla, má chuireann Ballstát moill ar chur i bhfeidhm treorach cothrom le dáta, d'fhéadfadh feirmeoirí agus tréidlianna sa tír sin a bheith ag streachailt ar feadh tréimhse níos faide le nósanna imeachta mearbhlacha.

Thairis sin, ní bhíonn dáileadh na gcostas agus na sochar mar an gcéanna i measc catagóirí páirtithe leasmhara freisin de réir a mhéid a úsáideann na Ballstáit an tsolúbthacht a dheonaítear leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe[11] [12].. Sna Ballstáit nár ghlac go hiomlán le cur chuige

[10] Doiciméad inmheánach oibre, pointe 4.1.1, leathanach 44.
[11] Staidéar seachtrach, Iarscríbhinn 3, lch. L
[12] Doiciméad inmheánach oibre, pointe 4.1.2, lch. 46.

rioscabhunaithe, bhraith an pobal feirmeoireachta ualach níos troime. I gcomparáid leis na Ballstáit sin, bhí an t-ualach ar an earnáil phríobháideach níos éadroime sna Ballstáit a d'úsáid na solúbthachtaí sa Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe chun bearta a chur in oiriúint do riosca áitiúil (mar shampla, coimeádaithe an-bheag a dhíolmhú ó dhualgais áirithe). Ó Bhallstát go chéile nó earnáil go chéile is féidir éifeachtúlacht an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe a mheas ar bhealach éagsúil a bhuí na roghanna beartais sin, mar aon le struchtúir eacnamaíocha éagsúla (feirmeacha móra tráchtála *vs.* cuid mhór feirmeoirí beaga).

## 3.3. COMHLEANÚNACHAS

Léiríonn an mheastóireacht go bhfuil an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe comhleanúnach go hinmheánach. Is é liostú agus catagóiriú galar an Aontais is cúis le cinneadh an leibhéil faireachais, na gcoinníollacha gluaiseachta agus na mbeart rialaithe, rud a chruthaíonn nasc struchtúrtha idir measúnú riosca agus freagairt oibríochtúil. Mar sin féin, tá difríochtaí fós ann sa chleachtas maidir leis an gcaoi a ndearann na Ballstáit córais faireachais, a mbainistíonn siad comhéadain fiadhúlra agus a gcuireann siad maoluithe i bhfeidhm le linn ráigeanna. Níl comhsheasmhacht oibríochtúil iomlán bainte amach go fóill ós rud é go bhfuil ailíniú náisiúnta fós á thabhairt chun críche ag roinnt Ballstát.

Lasmuigh den Aontas, feidhmíonn an Dlí maidir Sláinte Ainmhithe in éineacht le reachtaíocht eile de chuid an Aontais ar bhealach comhlántach. Leis an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla soláthraítear an creat cothrománach le haghaidh fíorúchán agus forfheidhmiú san Aontas feadh an tslabhra agraibhia. Tá raon feidhme réamhtheachtach ag an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe i gcomparáid le Dlí Ginearálta an Bhia[13] agus reachtaíocht zónóisí[14] trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí do shláinte ainmhithe sula ndéanann siad difear do shábháilteacht bia nó don tsláinte phoiblí. Chomh maith leis sin, tá sé ag teacht le reachtaíocht an Aontais maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta[15], go háirithe i gcás ina bhfuil vacsaíniú nó cóireáil mar chuid de straitéisí rialaithe galar. Leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe féachtar leis an gcoincheap 'Aon Sláinte Amháin' a chur i bhfeidhm go comhleanúnach, agus tugtar aghaidh ar na hidirnaisc idir sláinte ainmhithe agus sláinte phoiblí, fiadhúlra, an comhshaol, sábháilteacht bia agus beatha, leas ainmhithe agus cuirtear tosca seachtracha eile san áireamh, amhail slándáil bia, tosca eacnamaíocha, saincheisteanna sóisialta[16].

Is é an measúnú gur láidir ar an iomlán an chomhsheasmhacht leis an reachtaíocht maidir le sábháilteacht bia agus leas ainmhithe[17], cé go bhfuil tuairimí éagsúla ag na páirtithe leasmhara maidir le hailíniú praiticiúil leis an reachtaíocht maidir le leas ainmhithe, go háirithe i gcás ina bhféadfadh impleachtaí a bheith ar leas ainmhithe ag bearta rialaithe galar faoin Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe.

---

13 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia, http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/2026-01-01.

14 Treoir 2003/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faireachán ar zónóisí agus ar oibreáin zónóiseacha, lena leasaítear Cinneadh 90/424/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 92/117/CEE ón gComhairle, http://data.europa.eu/eli/dir/2003/99/oj.

15 Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE, http://data.europa.eu/eli/reg/2019/6/oj.

16 Staidéar seachtrach, lch. 78.

17 Doiciméad inmheánach oibre, lch. 59.

Tá feidhm ag an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe i dtaca leis an bhfiadhúlra sa chás go bhfuil sé ábhartha go heipidéimeolaíoch chun galair liostaithe a chosc nó a rialú, agus sa chás sin amháin. Faoi chreataí dlíthiúla sonracha lasmuigh den Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe leantar de rialáil réimsí áirithe, go háirithe einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha agus formhór na rialacha maidir le seachtháirgí ainmhithe.

### 3.4. ÁBHARTHACHT

Is an-ábhartha fós an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe i bhfianaise brúnna eipidéimeolaíocha atá ag forbairt, lena n-áirítear atarlú galar áirithe, leathadh leanúnach galar eile amhail Fiabhras Afracach na Muc , fliú éanúil ardphataigineach (FÉAP) agus leathnú galar veicteoir-iompartha. Lena threoshuíomh coisctheach, úsáid an réigiúnaithe agus uirlisí eile, mar shampla an vacsaíniú, soláthraítear uirlisí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar dhinimic galar atá ag éirí níos casta.

Ar an iomlán, meastar go bhfuil an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe oiriúnach do na riachtanais atá ann faoi láthair agus inoiriúnaithe go leormhaith do bhagairtí atá ag teacht chun cinn trí íoscheanglais aonfhoirmeacha maidir le galair arna gcatagóiriú mar chatagóirí A agus B agus trí chineálacha cur chuige níos solúbtha maidir le galair arna gcatagóiriú mar chatagóirí C, D agus E. Mar sin féin, thug na hoibreoirí roinnt dúshlán le fios i ndáil leis sin. Leis an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil maidir le galair a aicmítear mar C, D agus E, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit bearta a chur in oiriúint d’imthosca náisiúnta ach chomh maith leis sin is é a toradh a d’fhéadfadh ar chur i bhfeidhm ilchineálach ná beart (vacsaíniú in aghaidh an ghalair gormtheanga, mar shampla), ar bearta iad atá tairbhiúil chun an galar a rialú sna Ballstáit ach a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar an trádáil laistigh den Aontas agus ar intuarthacht an mhargaidh. Thairis sin, shainaithin páirtithe leasmhara oibleagáidí bithshlándála agus ceanglais maidir le cuairteanna sláinte ainmhithe, cé go sainítear go soiléir iad i bprionsabal, mar réimsí inar tacaíocht le cur chun feidhme níos comhsheasmhaí í treoir oibríochtúil níos mionsonraithe agus níos comhchuibhithe.

### 3.5 BREISLUCH AE

Deimhnítear sa mheastóireacht go bhfuil breisluach AE soiléir ag baint leis. Trí rialacha comhchuibhithe a bhunú maidir le sláinte ainmhithe, agus go háirithe maidir le faireachas, cosc agus rialú galar, tacaíonn an creat le gníomhaíocht chomhordaithe ó Bhallstát go chéile agus is cuireann sé le cothrom iomaíochta laistigh den mhargadh inmheánach. Cuirtear bonn taca faoin gcomhordú intuartha trasteorann, agus éascaítear an trádáil shábháilte, le huirlisí ar leibhéal an Aontais, amhail liostú agus catagóiriú galar, bainc antaiginí agus vacsaíní, córas fógartha agus tuairiscithe galar an Aontais, líonra saotharlanna sláinte ainmhithe an Aontais, réigiúnú agus rialacha comhchoiteanna maidir le gluaiseachtaí agus teacht isteach san Aontas. Thairis sin, áirithítear le creat an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe go bhfuil na ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas chomh dian céanna leis na ceanglais is infheidhme san Aontas, rud a chruthaíonn cothrom iomaíochta d’oibreoirí de chuid an Aontais. Fágann na ceanglais iontrála sin atá i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta WOAH, fágtar gur féidir trádáil idirnáisiúnta a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail EDT agus na mbeart sláintíochta agus fíteashláintíochta.

Ní fhéadfadh na Ballstáit na torthaí sin a bhaint amach a mhéid céanna agus iad ag gníomhú ina n-aonar [18][19].

Tá an chothromaíocht idir gníomhaíocht an Aontais agus gníomhaíocht náisiúnta comhréireach den chuid is mó. Mar sin féin, léiríonn na torthaí roinnt teorainneacha a dhéanann difear a mhéid a bhaineann le breisluach an Aontais a bhaint amach go hiomlán sa chleachtas. Is féidir le difríochtaí sa chur chun feidhme náisiúnta agus úsáid forálacha solúbthachta difear a dhéanamh d'intuarthacht gluaiseachtaí ainmhithe agus dálaí míchothroma a chruthú d'oibreoirí áirithe. Maidir leis sin, cuireadh in iúl sa chomhairliúchán go bhféadfadh tuilleadh comhordaithe ar leibhéal an Aontais comhsheasmhacht agus intuarthacht an mhargaidh a fheabhsú agus an tsolúbthacht is gá á coinneáil an tráth céanna.

## 4. CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Mar a tugadh le fios, cé nach infheidhme go hiomlán an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe ach ó bhí 2021 ann, deimhnítear sa mheastóireacht measúnú dearfach foriomlán agus tuiscint fhorleathan i measc na bpáirtithe leasmhara. Meastar go forleathan gur feabhas mór é an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe ar an gcreat ilroinnte a bhí ann roimhe seo, lena soláthraítear ailtireacht dlí nuachóirithe rioscabhunaithe, agus meastar go gcuireann sé bonn láidir comhleanúnach ar fáil le haghaidh beartas sláinte ainmhithe comhchuibhithe, coisctheach agus rioscabhunaithe san Aontas. Leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe tacaítear leis an aistriú fócais ó dhíothú go cosc, ullmhacht agus bainistiú comhréireach fadtéarmach galar, agus ar an gcaoi sin neartaítear intuarthacht agus inbhuanaitheacht bheartas sláinte ainmhithe an Aontais.

D'ainneoin aiseolas agus tuiscint dhearfach fhoriomlán, de dheasca chastacht na reachtaíochta treasaí, cur chun feidhme míchothrom agus moilleanna ar an ailíniú náisiúnta cuireadh teorainn le baint amach acmhainneacht an chreata ina hiomláine. Shainaithin an Coimisiún réimsí áirithe ar gá aird bhreise a thabhairt orthu. Léiríonn na pointí a chuirtear i láthair thíos na réimsí sin a sainaithníodh ar fud na gcritéar meastóireachta agus ar gá don Choimisiún agus do na Ballstáit aird bhreise a thabhairt orthu.

### 4.1 An beartas aonair agus an creat dlíthiúil a neartú

Aithnítear sa mheastóireacht gur struchtúr dlíthiúil níos soiléire agus nuachóirithe é an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe lena n-áirithítear go gcuirtear rialacha sláinte ainmhithe i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí ar fud an Aontais. Meastar go forleathan gur feabhas struchtúrach é an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe i gcomparáid leis an gcreat a bhí ann roimhe seo. Laghdaítear a thuilleadh leis an spleáchas ar bhearta díothaithe éigeandála amháin agus tacaítear le bainistiú galar fadtéarmach atá níos inbhuanaithe, níos intuartha agus níos solúbtha.

Ar an taobh eile, léiríonn an mheastóireacht castacht na reachtaíochta treasaí, cur chun feidhme míchothrom rialacha nó rialacha nár forfheidhmíodh go fóill ó Bhallstát go chéile. Tuairiscítear iontu freisin go raibh an t-ailíniú leis an reachtaíocht náisiúnta níos casta ná mar a raibh coinne leis. Sainaithníodh sa staidéar freisin leibhéal áirithe frustrachais a mhéid a bhaineann leis an am is gá chun Gníomhartha Tarmligthe a ghlacadh, méid ama atá níos faide ná mar a mheas páirtithe leasmhara áirithe ar dtús.

---

[18] Staidéar seachtrach, lch. 139.
[19] Doiciméad inmheánach oibre, lch. 69.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, ba cheart don Choimisiún leanúint den reachtaíocht threasach a ailíniú agus a chuíchóiriú chun go mbeidh sé níos áisiúla agus níos so-úsáidte. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún cur le so-úsáideacht shuíomh gréasáin an Choimisiúin chomh maith le nuashonruithe i dteannta mínithe ar chomhtháthú agus ar oibriú píosaí éagsúla reachtaíochta agus ar a n-idirnaisc. Más gá, is féidir leis an gCoimisiún Treoraíocht a fhorbairt maidir le gnéithe éagsúla den reachtaíocht, a ghlactar i bhformáid 'fógra ón gCoimisiún' nuair is ábhartha. Ní mór leanúint d'oiliúint faoin gclár 'oiliúint níos fearr le haghaidh bia níos sábháilte' agus an t-aistriú eolais ó Bhallstát go chéile a threisiú.

Ní mór do na Ballstáit dlús a chur le trasuí iomlán an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe agus é sin a áirithiú, trí reachtaíocht náisiúnta atá imithe i léig a bhaint. I gcás inar gá, ba cheart dóibh treoraíocht náisiúnta nó earnála a fhorbairt de réir mar is ábhartha don ábhar féin chun an Treoraíocht ón gCoimisiún a chomhlánú, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar imthosca agus ar chásanna sonracha. Thairis sin, ní mór do na Ballstáit an t-eolas a fhaightear faoin gclár 'oiliúint níos fearr le haghaidh bia níos sábháilte' a leithroinnt go hiartheachtach ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla leis na seirbhísí oifigiúla agus leis na hoibreoirí oifigiúla.

### 4.2 Freagrachtaí gníomhaithe éagsúla a shoiléiriú agus comhlíonadh a neartú

Léirigh an mheastóireacht sannadh níos soiléire oibleagáidí agus laghdú éiginnteachta maidir le cé atá freagrach as bearta coisctheacha, fógra, rialaithe agus téarnaimh. Léiríonn sé gur tugadh isteach leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe prionsabal freagrachta comhroinnte, feasacht mhéadaithe i measc grúpaí páirtithe leasmhara, go háirithe tréidlianna agus na húdaráis inniúla, rud a d'éascaigh comhar níos eagraithe le linn ráigeanna galair. Chuir sé sin le comhlíonadh feabhsaithe freisin.

Mar sin féin, d'fhéadfadh freagrachtaí a bheith doiléir fós ar an leibhéal oibríochtúil áitiúil, go háirithe le linn ráigeanna. Léirigh an mheastóireacht easnaimh sa phleanáil oibríochtúil áitiúil, rud a d'eascair as easpa oiliúna agus comhordaithe, seachas as easnaimh i gcreat an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe. Tá cur i bhfeidhm praiticiúil an chreata níos casta fós mar gheall ar ghníomhartha srathacha tarmligthe agus cur chun feidhme. Thairis sin, tá oibleagáid dhlíthiúil ar na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún faoi na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe. Níor thuairiscigh ach líon beag Ballstát go ndéantar foráil maidir le pionóis ina ngníomhartha[20].

Ionas go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin, sa bhreis ar na gnéithe a luaitear faoi phointe 4.4, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún rialachán cur chun feidhme a ghlacadh maidir le pleananna teagmhais.

Is féidir foilsiú tráthrialta faisnéise inchomparáide a bheartú maidir le pionóis náisiúnta agus cleachtais forfheidhmiúcháin chun trédhearcacht a fheabhsú i dtaca le córais náisiúnta smachtbhannaí agus chun cuntasacht agus iontaoibh fhrithpháirteach a chur chun cinn. I bhfianaise an mhachnaimh sin, d'fhéadfadh an Coimisiún plé a thionscain faoi chuimsiú an Choiste Chomhairligh um Shláinte Ainmhithe agus an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha maidir leis an mbreisluach a bhaineann le ceanglais a leagan síos i dtaca le híosleibhéal smachtbhannaí, nó treoraíocht eile do na Ballstáit maidir leis an gcaoi le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm.

---

20 Doiciméad inmheánach oibre, lch. 27.

Ní mór do na Ballstáit a n-iarrachtaí a threisiú chun rialacha a thrasuí agus na smachtbhannaí is gá a fhorbairt chun cur chun feidhme cuí an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe a áirithiú go náisiúnta, agus na huirlisí is gá a thabhairt do na húdaráis inniúla chun an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.

### 4.3. Inoiriúnaitheacht catagóirithe/beartaithe tosaíochta galar a áirithiú

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur príomhbheart luachmhar é an beartú tosaíochta agus catagóiriú galar, rud a thacaíonn le bearta comhréireacha eolaíochtbhunaithe san Aontas. Mar sin féin, tá imní fós ann maidir le hinoiriúnaitheacht agus tráthúlacht na nuashonruithe agus an inoiriúnaitheachta do rioscaí agus ghalair atá ag teacht chun cinn, ar dúshláin shonracha iad, amhail galair veicteoir-iompartha.

Dá bhrí sin, athbhreithneoidh agus fíoróidh an Coimisiún an bhfuil an córas catagóirithe atá ann faoi láthair fós ag teacht leis na himthosca atá ann faoi láthair**.** Athbhreithneoidh sé freisin an leormhaith mar a thugtar aghaidh ar dhúshláin shonracha leis na critéir chatagóirithe (e.g. galair veicteoir-iompartha , más rud é go bhfuil iarraidh ar thuairim ó EFSA seolta cheana féin) agus féadfaidh sé athruithe ar reachtaíocht a mholadh, más gá. Tabharfaidh an Coimisiún sainordú breise do EFSA agus breithneoidh sé measúnú níos cuimsithí a sheoladh agus, i gcás inarb ábhartha, athmheasúnú a dhéanamh ar ghalair ainmhithe lena liostú le haghaidh idirghabháil agus catagóiriú ón Aontas faoin Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe.

### 4.4. Feabhsú na freagartha ar ghalair ainmhithe agus pleananna teagmhais

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil freagairtí ar ghalair ainmhithe comhordaithe ar bhealach níos fearr mar thoradh ar ghlacadh an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe. Ina theannta sin, cuirfidh rialacha maidir le pleananna teagmhais a thuilleadh le freagairt fheabhsaithe ar ráigeanna galar.

Mar sin féin, ní mar a chéile fós ó Bhallstát go chéile atá cur chun feidhme na mbeart rialaithe galar. Maidir leis na pleananna teagmhais, thug páirtithe leasmhara dá n-aire nach bhfuil rialacha cur chun feidhme ann agus thángthas ar an gconclúid sa Staidéar[21] go bhfuil pleananna teagmhais as dáta i roinnt Ballstát.

Chun na bearta rialaithe galar san Aontas a neartú, leanfaidh an Coimisiún de rialacháin tarmligthe a athbhreithniú agus a leasú[22] chun iad a chur in oiriúint do na forbairtí eolaíocha is déanaí agus do riachtanais na mBallstát. Chun cur chun feidhme aonfhoirmeach na bpleananna teagmhais a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún rialachán cur chun feidhme. Tabharfaidh an Coimisiún tuilleadh tacaíochta do na Ballstáit trí oiliúint leanúnach a chur ar fáil faoin gclár ‘oiliúint níos fearr le haghaidh bia níos sábháilte’, a bheidh dírithe ar thacaíocht leanúnach a chur ar fáil maidir le sláinte ainmhithe. Seolfaidh an Coimisiún sraith shonrach iniúchtaí ón gCoimisiún sna Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cleachtaí ionsamhlúcháin ag na Ballstáit mar aon le cur chun feidhme na rialacha maidir le pleananna teagmhais.

### 4.5. Réigiúnú agus roinnt i ndeighleoga a fheabhsú

21 Staidéar seachtrach, lch. 66.
22 http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj.

Tugadh le fios sa mheastóireacht gur chuidigh na bearta rialaithe galar a tugadh isteach leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe le tionchar ráigeanna galar a íoslaghdú, le tacú le haithint na limistéar saor ó ghalair san Aontas agus gur chuidigh siad le leanúint de thrádáil agus d'onnmhairiú laistigh den Aontas. Baineadh é sin amach trí úsáid a bhaint as réigiúnú an Aontais, agus go pointe níos lú freisin, as coincheapa a tugadh isteach le déanaí maidir le roinnt i ndeighleoga, rud a chumasaíonn an trádáil leanúnach laistigh den Aontas agus onnmhairí chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

Mar sin féin, le haitheantas míchothrom ó thríú tíortha maidir le réigiúnú agus uirlisí gaolmhara, laghdaíodh na tairbhí a raibh coinne leo don leanúnachas trádála idirnáisiúnta. D'iarr roinnt páirtithe leasmhara tuilleadh treoraíochta praiticiúla, eolais agus fothaithe acmhainneachta.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, tabharfaidh an Coimisiún tuilleadh tacaíochta do na Ballstáit trí Threoraíocht a fhorbairt maidir le réigiúnú agus roinnt i ndeighleoga a chur i bhfeidhm, chun feabhas a chur ar an tuiscint. Ar shuíomh gréasáin so-úsáidte ón gCoimisiún cuirfear mínithe ar fáil ar phíosaí éagsúla reachtaíochta chomh maith le léirshamhlú ar an réigiúnú trí uirlisí mapála TF nuálacha.

Leanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit freisin de bheith ag tacú le haithint réigiúnú an Aontais leis na comhpháirtithe trádála i gcruinnithe déthaobhacha agus iltaobhacha, laistigh de chomhaontuithe trádála, caibidlíocht maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta agus comhlachtaí idirnáisiúnta ina leagtar síos caighdeáin.

**4.6. Aghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme míchothrom sna Ballstáit, bearta rioscabhunaithe agus solúbthacht**

Ar na torthaí sa mheastóireacht is minice a luaitear agus a mheastar gur laige é tá cur chun feidhme lag agus míchothrom an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe sna Ballstáit. An tráth céanna, tá na bearta sa Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe bunaithe ar riosca. I ndáil leis sin, tá deiseanna ar fáil leis an gcreat dlíthiúil chun solúbthacht a sholáthar trí rialacha níos mionsonraithe i.e. gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacfaí ar bhonn an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe. Fágann an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe gur féidir leis na Ballstáit rialacha níos déine a chur chun feidhme i réimsí áirithe. Cé go bhfuil dea-chleachtais ag roinnt Ballstát chun cur chun feidhme cuí an chreata rialála nua a áirithiú, agus go bhfuil breisluach soiléir ag baint le hoiliúint faoin gclár 'oiliúint níos fearr le haghaidh bia níos sábháilte', níl sé ach á chur chun feidhme go pointe áirithe fós i roinnt mhaith Ballstát.

Maidir le solúbthacht, cé go gcuirtear breisluach an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe i dtábhacht sa mheastóireacht, go háirithe i gcás ina gcuirtear bearta rialaithe galar chun feidhme, cuirtear i dtábhacht inti freisin go mbíonn forfheidhmiú míchothrom agus úsáid éagsúil maoluithe sna Ballstáit mar thoradh air sin. Measadh gur thoisc é sin a rinne difear don mhargadh aonair agus gur cruthaíodh dálaí éagothroma leis d'earnálacha áirithe i mBallstáit éagsúla agus iarradh cur chun feidhme ar bhealach níos comhsheasmhaí ar fud an Aontais.

Chun aghaidh a thabhairt air sin, is féidir leis an gCoimisiún iniúchtaí ón gCoimisiún sna Ballstáit a threisiú chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar leibhéal cur chun feidhme níos fearr agus níos cothroime agus chun an leibhéal sin a spreagadh. Má mheastar go bhfuil gá leis, féadfaidh an Coimisiún teorainn/creat a chur le húsáid mhaoluithe na mBallstát trí ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a mhodhnú agus rialacha comhchuibhithe níos

saintreoraí a áirithiú. D'fhéadfadh an Coimisiún agus na Ballstáit trédhearcacht a mhéadú trí shuíomhanna gréasáin náisiúnta agus suíomhanna gréasáin an Choimisiúin a choinneáil cothrom le dáta agus trédhearcach, trí fhaisnéis a sholáthar ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha agus tríd an bhfaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Choiste. Thairis sin, le hoiliúint leanúnach faoin gclár 'oiliúint níos fearr le haghaidh bia níos sábháilte' leanfar de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme ag na Ballstáit trí eolas a mhéadú, faisnéis a sholáthar agus cleachtaí praiticiúla a dhéanamh.

### 4.7. Béim ar chosc rioscabhunaithe, an bhithshlándáil agus bearta faireachais

Tugadh faoi deara sa mheastóireacht go ndearnadh dul chun cinn tábhachtach maidir le stádais saor ó ghalar a fháil i gcás roinnt galar ainmhithe liostaithe, a bhfuil a ndíothú éigeantach san Aontas, amhail eitinn, brúsallóis nó confadh, lenar tugadh isteach aistriú ó shamhail dírithe ar dhíothú go cosc agus rialú[23]. Léiríonn an mheastóireacht go dtreisítear faireachas faoin gcreat sin lena gcuirtear cur chuige rioscabhunaithe i bhfeidhm. Os a choinne sin, tugadh faoi deara sa mheastóireacht cur i bhfeidhm measctha maidir le bunfhaireachas an oibreora trí chuairteanna sláinte ainmhithe de réir Airteagal 25 de Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, forfheidhmiú míchothrom na bithshlándála, agus tarraingíodh aird ar shaincheisteanna acmhainní, go háirithe ganntanas tréidlianna. Ach líonraí faireachais ar an leibhéal náisiúnta a fheabhsú, agus ailíniú le táscairí ar leibhéal an Aontais a áirithiú chun cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun ó Bhallstáit go chéile,[24] d'fhéadfaí cuidiú le cur chuige solúbtha rioscabhunaithe a chur chun feidhme is féidir oiriúnú don chomhthéacs áitiúil, rud nach bhfuil údar leis ach sa chás go bhfuil córais láidre faireachais mar bhonn taca leis.

Chun aghaidh a thabhairt ar iarraidh a dhéantar arís sa mheastóireacht, is féidir leis an gCoimisiún rialacha a fhorbairt maille le critéir agus minicíocht bhonnlíne i dtaobh cuairteanna sláinte ainmhithe agus treoraíocht a fhorbairt maidir leis an mbithshlándáil, más rud é gur thug na Ballstáit le fios go sainráite sa mhachnamh uathu gur fearr leo treoraíocht i dtaca le reachtaíocht.

### 4.8. Úsáid vacsaínithe a optamú ar fud an Aontais

Mar a léirítear i bpointe 3.1, aithníodh sa mheastóireacht, agus ba dhíol sásaimh é ann, an t-athrú ó bhonn a bhaineann leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe lena ndéantar foráil maidir le húsáid níos leithne agus níos solúbtha de vacsaínithe in aghaidh galair ainmhithe, agus tugtar roinnt samplaí maithe ann. Níos déanaí fós, tá údar le hiarrataí ar úsáid níos leithne vacsaínithe freisin mar uirlis choisc i gcás inar féidir de thoradh an líon ainmhithe atá le ciondíothú mar gheall ar leathadh galar, líon nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.

Mar fhreagairt air sin, fíoróidh an Coimisiún an bhfuil na rialacha vacsaínithe reatha agus na prionsabail a chuimsítear iontu oiriúnach dá bhfeidhm agus an dtugtar, leis an gcur chuige maidir le galair éagsúla Chatagóir A, aghaidh ar na riachtanais, agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe den sórt sin ar an ngeilleagar, an tsochaí agus an trádáil á gcur san áireamh. Ba cheart an obair sin a dhéanamh laistigh de chomhthéacs iltaobhach idirnáisiúnta níos leithne, agus rialacha an Aontais á gcur san áireamh mar aon le caighdeáin idirnáisiúnta agus ceanglais trádála. Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag oibriú i gcomhar le WOAH, comhpháirtithe trádála agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta eile chun cineálacha cur chuige

[23] Pointe 3.4 den Doiciméad Inmheánach Oibre, lch. 26.
[24] Pointe 5.6. den Staidéar seachtrach.

eolaíochtbhunaithe i leith vacsaínithe a chur chun cinn, chun rannchuidiú le caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt agus chun bacainní trádála gan údar a bhaineann le húsáid vacsaínithe a laghdú. Ina theannta sin, pléifidh an Coimisiún leis na Ballstáit agus leis an tionscal go tráthrialta an bealach ar féidir rochtain níos fearr a chinntiú ar vacsaíní le haghaidh galair ainmhithe den sórt sin. Iarrfaidh an Coimisiún comhairle eolaíoch freisin lena dtacófar leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir leis an mbealach is fearr chun vacsaíniú a úsáid i gcásanna éagsúla agus chun críoch éagsúil, i.e. chun tacú le bearta rialaithe galar le vacsaíniú éigeandála nó chun é a úsáid mar uirlis coisc galar.

### 4.9. Laghdú ar ualaí riaracháin, costais, tuairisciú agus castacht beart áirithe

Measadh sa staidéar meastóireachta go raibh na bearta rioscabhunaithe a tugadh isteach níos costéifeachtaí. Tá roinnt tairbhí sonracha le brath cheana féin, mar shampla feabhsuithe ar luathbhrath an fhliú éanúil i réigiúin áirithe[25]. Mar sin féin, níl na tairbhí sin le fáil forleathan fós. Cruthaíodh costais mhéadaithe freisin ag baint le hoiliúint agus cur chun feidhme oibleagáidí nua, amhail cuairteanna sláinte ainmhithe.

Thairis sin, i gcásanna áirithe, mar shampla fiabhras Afracach na muc, maidir le rialacha sonracha lena dtugtar isteach eilimintí criosaithe agus srianta gluaiseachta sa bhreis ar fhorálacha ginearálta chreat an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, measadh go raibh na rialacha sin níos casta, go dtugtar isteach leo arís cur chuige galar ar ghalar, go méadaítear leo ceanglais doiciméadachta agus go gcruthaítear mearbhall d'oibreoirí agus do chomhpháirtithe trádála. Thuairiscigh na Ballstáit agus oibreoirí freisin ualach oibre méadaithe a bhaineann le luathbhrath agus faireachas galar ainmhithe.

Os a choinne sin, rinneadh roinnt simplithe sa chleachtas. D'eisigh an Coimisiún soiléirithe chun idirdhealú a dhéanamh idir gluaiseachtaí ísealriosca (e.g. peataí áirithe agus éin áirithe i mbraighdeanas), agus thug roinnt Ballstát bearta náisiúnta isteach, amhail tarscaoileadh táillí ar dheimhnithe áineasa. Tá sé cruthaithe gur féidir simpliú a dhéanamh laistigh den chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair. Mar sin féin, léiríodh sa staidéar meastóireachta freisin gur ann d'oibleagáidí náisiúnta éagsúla agus rialacha breisithe an Aontais, ar oibleagáidí agus rialacha iad a mheasann go leor daoine a bheith achrannach.

Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag saothrú úsáid féidearthachtaí simpliúcháin trí leasú na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá ann faoi láthair, agus de chur chuige fianaisebhunaithe agus rioscabhunaithe a ghlacadh. Féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar **theorainn nó creat níos fearr a chur le húsáid mhaoluithe na mBallstát** trí ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a mhodhnú, agus rialacha níos comhchuibhithe a áirithiú.

### 4.10. Aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le cistiú

Cuirtear i dtábhacht sa staidéar meastóireachta roinnt cásanna d'easpa sásraí airgeadais leormhaithe, go háirithe chun feirmeoirí a chúiteamh as a gcaillteanais de dheasca ráigeanna galair agus costais ghaolmhara. Cé go meastar sa staidéar gur éifeacht neamhbheartaithe é sin, tugadh faoi deara gur aistríodh na hoibleagáidí airgeadais chuig feirmeoirí leis an soiléiriú ar fhreagrachtaí.

[25] Doiciméad inmheánach oibre, pointe 4.1.1., lgh. 39-41.

Léiríonn an taithí a fuarthas maidir le cómhaoiniú ón Aontas gur gá a áirithiú go mbeidh rochtain ar chúlchiste géarchéime a bheidh oiriúnach chun bearta éigeandála maidir le galair ainmhithe a mhaoiniú mar gheall ar dhothuarthacht ráigeanna mórscála de ghalair áirithe ainmhithe, as a n-eascraíonn géarchéimeanna móra.

Thug an Coimisiún dá aire na hábhair imní sin a dtabharfar aghaidh orthu freisin tríd an Straitéis Bheostoic agus tríd an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil nua.

### 4.11 Comhleanúnachas seachtrach agus naisc le reachtaíocht eile a neartú:

Deimhnítear sa mheastóireacht go bhfuil an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe ailínithe den chuid is mó le creataí beartais eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear cur chuige na hAon Sláinte Amháin. Leis na cuspóirí atá ann treisítear cuspóirí an mhargaidh aonair, na sláinte poiblí, na sábháilteachta bia agus chosaint an chomhshaoil. Mar sin féin, tá roinnt neamhréireachtaí fós ann.

#### 4.11.1. Cur chuige na hAon Sláinte Amháin

Tugtar faoi deara go bhfuil an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe ailínithe go fóinteach le cur chuige na hAon Sláinte Amháin. Léiríonn an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe gealltanas reachtach soiléir agus tá sé fós ábhartha maidir lena chuspóirí uileghabhálacha. Mar sin féin, ní mar a chéile a mheasann grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla méid a ailínithe phraiticiúil agus a éifeachtachta oibríochtúla, agus baineann láidreachtaí móra leis mar aon le dúshláin leanúnacha maidir le cur chun feidhme agus comhtháthú[26]. Tá bearnaí fós ann maidir lena chur i bhfeidhm éifeachtach, go háirithe i dtaca le comhtháthú na sláinte comhshaoil agus comhar trasearnála agus comhordú níos láidre ar fud na gcóras sláinte ainmhithe, daonna agus comhshaoil, go háirithe i gcás rioscaí zónóiseacha agus rioscaí a bhaineann leis an bhfiadhúlra.

Tacóidh an Coimisiún a thuilleadh le hiarrachtaí na mBallstát comhleanúnachas a fheabhsú agus comhtháthú ildisciplíneach a neartú sna tíortha agus cuirfear comhroinnt dea-chleachtas i dtábhacht.

Sa rialachán cur chun feidhme nua maidir le pleananna teagmhais (féach thuas freisin), atá beartaithe a ghlacadh in 2026, ceanglóidh an Coimisiún ar na Ballstáit nósanna imeachta a shoiléiriú le haghaidh comhar idir údaráis tréidliachta lena gcontrapháirtithe sláinte poiblí, agus i gcás inarb ábhartha, le húdaráis chomhshaoil agus le húdaráis eile.

#### 4.11.2. An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe agus an nasc leis na rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha (ESIT) agus maidir le zónóisí

D'ainneoin go bhfuil cur chuige dea-struchtúrtha rioscabhunaithe tugtha isteach leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe i dtaca le rialú galar ainmhithe, níl sé comhleanúnach ach go pointe áirithe fós leis an reachtaíocht atá ann cheana maidir leis an Rialachán maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha (ESIT)[27] . Le hionchur ó pháirtithe leasmhara, go

---

[26] Staidéar seachtrach, pointe 4.3.7, lch. 143.

[27] Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos na rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha inaistrithe áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú, http://data.europa.eu/eli/reg/2001/999/oj.

háirithe ó údaráis inniúla, cuireadh i dtábhacht go bhfuil ilroinnt rialála agus deacrachtaí cur chun feidhme ann mar thoradh ar creataí dlíthiúla ar leithligh a choinneáil ar bun le haghaidh ESITanna agus galair zónóiseacha eile. Ós rud é nach n-áirítear ESITanna i bpróiseas catagóirithe galar an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, bíonn mearbhall ar oibreoirí agus ar údaráis, fágtar níos casta beartú tosaíochta galar, imrítear tionchar ar chinntí cómhaoinithe agus lagaítear cumarsáid maidir le rioscaí sláinte[28]. De réir an staidéir, dá dtabharfaí aghaidh ar na neamhréireachtaí sin, thacófaí le comhleanúnachas reachtach agus le leithdháileadh cistithe níos éifeachtúla ó Aontas a bhaineann le galair.

Tá aghaidh á tabhairt ag an gCoimisiún cheana féin ar ghnéithe áirithe de rialacha ESIT san omnibus leanúnach Simpliúcháin maidir le Sábháilteacht Bia agus Beatha[29] a glacadh i mí na Nollag 2025. Ina theannta sin, seolfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar rialacha ESIT agus breithneoidh sé iad a thabhairt faoin Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe.

Déanfaidh an Coimisiún **athbhreithniú, simpliú agus nuashonrú freisin ar an treoir maidir le zónóis atá ann cheana** agus pléifidh sé an bealach chun oibreáin zónóiseacha eile a ionchorprú faoi chreat an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe.

#### 4.11.3. Comhéadain le leas ainmhithe a shoiléiriú

Cé nár sainaithníodh sa staidéar meastóireachta aon chontrárthacht/achrann dlíthiúil díreach le rialacha maidir le leas ainmhithe, tá braistint mí-ailínithe ann, go háirithe i réimsí an iompair ainmhithe agus na gcleachtas ciondíothaithe le linn ráigeanna, go háirithe i roinnt córas feirmeoireachta. De ghnáth, baineann ábhair imní den sórt sin níos mó le cur chun feidhme sonrach, agus le cur chun feidhme áitiúil i gcuid mhaith cásanna, maidir le bearta sealadacha áirithe rialaithe galar agus le cleachtais feirmeoireachta níos leithne seachas leis na forálacha dlíthiúla.

Is féidir leis an gCoimisiún aghaidh a thabhairt orthu sin a thuilleadh trí chomhairle eolaíoch a sholáthraíonn EFSA agus sa Straitéis Bheostoic. Is féidir leis an gCoimisiún breithniú a dhéanamh freisin ar chlár tiomnaithe 'oiliúint níos fearr le haghaidh bia níos sábháilte' a eagrú le haghaidh saincheisteanna sonracha a bhaineann leis an méid a bhíonn i bpáirt ag sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe i gcásanna ráige éagsúla, go háirithe le linn cásanna éigeandála a dhéanann difear d'iompar, dálaí tithíochta nó ciondíothú ainmhithe le linn ráigeanna galair.

## 5. CONCLÚIDÍ

Mar fhocal scoir, léiríonn an mheastóireacht gur bonn láidir é an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe faoin mbeartas comhchuibhithe sláinte ainmhithe san Aontas. Is feabhas nach beag é ar an gcóras a bhí ann roimhe seo an t-aistriú i dtreo coisc, cinnteoireacht rioscabhunaithe, agus comhtháthú le spriocanna níos leithne an Aontais. Mar sin féin, tá dúshláin fós ag baint le cur chun feidhme míchothrom, castacht a mheastar a bheith ag baint le hionstraimí dlí, agus tuiscint theoranta na bpáirtithe leasmhara.

Shainaithin an Coimisiún réimsí agus gníomhaíochtaí a lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, mar shampla trí shimpliú, fothú acmhainneachta, comhar feabhsaithe idir oibreoirí, agus aidhm a bheith ag na Ballstáit agus an gCoimisiún Eorpach cur chuige níos

[28] Staidéar seachtrach, pointe 4.4.2, lch. 151.
[29] Simpliú Reachtaíochta - Sábháilteacht Bia - an Coimisiún Eorpach.

coiscthí a thabhairt isteach. Chuideodh siad sin le baint amach acmhainneacht an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe i dtaca le coimirce sláinte ainmhithe agus sláinte poiblí, athléimneacht a chur chun cinn, agus tacú le hiomaíochas earnáil agraibhia an Aontais. Ní hea athchóiriú bunúsach an tosaíocht ag an gcéim seo, ach comhdhlúthú, soiléiriú agus cur chun feidhme comhsheasmhach ar fud an Aontais. Beidh faireachán leanúnach agus bailiú fianaise leanúnach mar bhonn eolais d'aon choigeartú reachtach a dhéanfar amach anseo.